## Buaiteoirí chluichí ceannais Náisiúnta 5eanna Bunscoile SPAR FAI 2016

### Buachaillí 'A' Corn Scoileanna (Scoileanna bheaga)

| | |
|---|---|
| Buaiteoir: | Scoil Cholmcille, Mount Hanover, Duleek, Co. Na Mí (Laighin) |
| An Dara h-áit: | Croom NS, Luimneach (Mumhan) |
| An Tríú áit: | Scoil An Choimín, Lifford, Co. Dhún na nGall (Ulaidh) |
| An Ceathrú áit: | Carn NS, Gurteen, Sligeach (Connacht) |
| Imreoir an Chomórtais: | Alan Bowden, Scoil Cholmcille, Mount Hanover |

### Cailíní 'A' Corn Scoileanna (Scoileanna bheaga)

| | |
|---|---|
| Buaiteoir: | Ardnagrath NS, Áth Luain, Co. Na hIarmhí (Laighin) |
| An Dara h-áit: | Thomastown NS, Tiobraid Árann (Mumhan) |
| An Tríú áit: | St. Joseph's NS, Woodford, Gaillimh (Connacht) |
| An Ceathrú áit: | Scoil Mhuire, Lacken, Cábhán (Ulaidh) |
| Imreoir an Chomórtais: | Emer McCarthy, Thomastown NS, Tiobraid Árann |

### Buachaillí 'B' Corn Scoileanna (Scoileanna de mheán-shaghas)

| | |
|---|---|
| Buaiteoir: | Killeeneen NS, Craughwell, Gaillimh (Connacht) |
| An Dara h-áit: | Gaelscoil Bhríde, Durlas Éile, Tiobraid Árann (Mumhan) |
| An Tríú áit: | St. Michael's NS, Cootehill, Cábhán (Ulaidh) |
| An Ceathrú áit: | Dean Kelly NS, Áth Luain, Co. Na hIarmhí (Laighin) |
| Imreoir an Chomórtais: | Darragh Stáicliúm, Gaelscoil Bhríde, Durlas Éile, Tiobraid Árann |

### Cailíní 'B' Corn Scoileanna (Scoileanna de mheán-shaghas)

| | |
|---|---|
| Buaiteoir: | Dromtrasna NS, Abbeyfeale, Luimneach (Mumhan) |
| An Dara h-áit: | Claregalway NS, Gaillimh (Connacht) |
| An Tríú áit: | St. Colman's NS, Mucklagh, Uíbh Fháilí (Laighin) |
| An Ceathrú áit: | St. Oran's NS, Cockhill, Inis Eoghain, Dún na nGall (Ulaidh) |
| Imreoir an Chomórtais: | Kate Slevin, Claregalway NS, Gaillimh |

### Buachaillí 'C' Corn Scoileanna (Scoileanna Mhóra)

| | |
|---|---|
| Buaiteoir: | Dunboyne SPS, An Mhí (Laighin) |
| An Dara h-áit: | St. Patrick's BNS, Lombard Street, Gaillimh (Connacht) |
| An Tríú áit: | St. Patrick's BNS, Lurgybrack, Dún na nGall (Ulaidh) |
| An Ceathrú áit: | Scoil Naomh Iosaf, Riverstown, Corcaigh (Mumhan) |
| Imreoir an Chomórtais: | Edric Opoku, St. Patrick's BNS, Lombard Street, Gaillimh |

### Cailíní 'C' Corn Scoileanna (Scoileanna Mhóra)

| | |
|---|---|
| Buaiteoir: | St. Fiacc's NS, Graingecullen, Ceatharlach (Laighin) |
| An Dara hÁit: | Scoil Chaitríona, Renmore, Gaillimh (Connacht) |
| An Tríú Áit: | Scoil Íosagáin, Buncrana, Inis Eoghain (Ulaidh) |
| An Ceathrú Áit: | Scoil Niocláis, Frankfield, Corcaigh (Mumhan) |
| Imreoir an Chomórtais: | Emilia Koziel, Scoil Chaitríona, Renmore, Gaillimh |

### Dátaí Chluichí Ceannais Cúigeach agus Náisiúnta 2017:

| | |
|---|---|
| 3ú Bealtaine: | Cluichí Ceannais 5eanna Bunscoile Ulaidh i Monaghan United FC, Gortakeegan, Muineachán |
| 4ú Bealtaine | Cluichí Ceannais 5eanna Bunscoile i Milebush Park, Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo |
| 10ú Bealtaine: | Cluichí Ceannais 5eanna Bunscoile na Mumhan i Turners Cross, Corcaigh |
| 11ú Bealtaine: | Cluichí Ceannais 5eanna Bunscoile Laighin i MDL Grounds, Trim Road, An Uaimh, Co. Na Mí |
| 31ú Bealtaine: | Cluichí Ceannais 5eanna Bunscoile Náisiúnta i Stáid Aviva, Baile Átha Cliath |

### Comhordaitheoirí :

| | |
|---|---|
| Náisiúnta: | Diane Fay 086 0404952 |
| Laighin: | Paul Holland 087 9630375 |
| Connacht: | Paul Byrne 086 8579678 |
| Ulaidh: | John Crudden 086 0492729 |
| Mumhan: | Gerard Duggan 087 2750809 |

### Comórtas

*Tá comórtaisí éagsúla do bhuachaillí agus cailíní ach tá cead ag cailíní imirt i gcomórtaisí na mbuachaillí*

## Rialacha Ginearálta 2017

### Clárú Foirne

Le clárú don chomórtas, líon an fhoirm ar líne roimh nó ar Dé hAoine an 17ú Febhra, 2017, ag *www.fai.ie/primary5*

### Intofacht Imreora

Caithfidh sé gur rugadh na himreoirí ar nó roimh Eanair 2004. Caithfidh na himreoirí a bheith cláraithe ar rolla na scoile ar an 30ú Meán Fómhair, 2016

### Comórtas

**Buachaillí 'A' Corn (Scoileanna bheaga)**
0-25 buachaill ar rolla na scoile i ranganna 4, 5 agu 6 ar an 30ú Meán Fómhair 2016

**Buachaillí 'B' Corn (Scoileanna mheán-shaghas)**
26-80 buachaill ar rolla na scoile i ranganna 4, 5 agu 6 ar an 30ú Meán Fómhair 2016

**Buachaillí 'C' Corn (Scoileanna mhóra)**
81+ buachaill ar rolla na scoile i ranganna 4, 5 agu 6 ar an 30ú Meán Fómhair 2016

Tá cead agus fáilte ag foireannacha meascaithe de bhuachaillí agus cailíní imirt sna comórtais thuas. Ach is do chailíní amháin Corn na gCailíní sna rannóga éagsúla.

**Cailíní 'A' Corn (Scoileanna bheaga)**
0-25 cailín ar rolla na scoile i ranganna 4, 5 agu 6 ar an 30ú Meán Fómhair 2016

**Cailíní 'B' Corn (Scoileanna mheán-shaghas)**
26-80 cailín ar rolla na scoile i ranganna 4, 5 agu 6 ar an 30ú Meán Fómhair 2016

**Cailíní 'C' Corn (Scoileanna mhóra)**
81+ cailín ar rolla na scoile i ranganna 4, 5 agu 6 ar an 30ú Meán Fómhair 2016

### Réiteoirí

Bainfear úsáid as réiteoirí oifigiúla más féidir. Is é 15 bliain d'aois an aois is lú gur féidir le réiteoir a bheith.

### Ag Glacadh Páirt

Roimh lá an chomórtais, gheobhaidh scoileanna liosta clárúchán imreora agus beidh orthu na modhanna seo thíos a leanacht:

- Ba cheart scuad de ochtar ar a mhéid a chuir faoi bhráid an chomhordaitheoir áitiúil.
- Ainm iomlán agus dáta breithe chuile imreoir a chuir ar an liosta clárúchán.
- Caithfidh síniú an mhúinteora atá i gceannas bheith ar an liosta clárúchán.
- Tar éis don liosta dhul tríd ní féidir aon athrú a dhéanamh don fhoireann do chomórtas an lae sin.
- Beidh na liostaí clárúchán ar fáil do mhúinteoirí eile le líon an chomórtais.
- Caithfidh na scoileanna ar fad aontú agus rialacha an chomórtais a leanacht.

### Na Meáin

Molltar do na scoileanna poiblíocht a thabhairt don chomórtas ina gceantar fhéin sna páipéir nuachta áitiúla, stáisiúin raidió áitiúla agus ar na meáin shóisialta. Is féidir an hashtag #SPAR5s FAI Schools @faischools a úsáid. Caithfidh an teideal "SPAR FAI Primary School 5s" a bheith ar chuile thuairisc nó preas ráiteas.

CLÁR PEIL I SCOILEANNA
An Bealach Le Peil In Éirinn A Fhorbairt

Urraitheoir bródúil de Chlár 5eanna Bunscoile an FAI




Ní chosnaíonn sé ach **€50** AN SCOIL
Cláraigh do scoil anois ag www.fai.ie/primary5

# 5eanna Bunscoile SPAR FAI 2017

## An Comórtas Peile Bunscoile Is Mó

Dáta Deireanach: **Dé hAoine, 17ú Feabhra, 2017**

SPAR
Urraitheoir bródúil de Chlár 5eanna Bunscoile an FAI

SCOILEANNA FAI

# Is é Clár 5eanna Bunscoile SPAR FAI an comórtas is mó i bpeil bhunscoile.

Anuraidh, bhí baint ag 24,000 dalta leis an gclár agus ghlac breis is 1,200 scoil páirt ann.
Tá an comórtas ar an bhfód ó lár na 1990í agus gealltar go mbeidh an clár níos mó agus níos fearr i mbliana.

Tosnóidh comórtaisí áitiúla ag deireadh mhí Feabhra nó ag tús mhí an Mhárta le cluichí cáilithe réigiúnach á n-imirt i mí Aibreán. Imreofar na cluichí ceannais cúigeach ag tús agus i lár mí Bealtaine agus imreofar na cluichí ceannais náisiúnta ar an 31ú Bealtaine, 2017 i Stáid Aviva, Baile Átha Cliath.
Tá sé rannóg ann atá feiliúnach do chuile shaghas scoile, agus cé go dtacaíonn an FAI le buachaillí agus cailíní imirt ar an bhfoireann céanna tá comórtaisí ar leith ann do scoileanna cailíní.

**Ní ghlacfar le hiontrálacha 2017 ach ar líne.**

- Cláraigh do scoil anois ag www.fai.ie/primary5
- Gheobhaidh chuile scoil a ghlacfaidh páirt liathróid dea-mhéine
- íocaíocht: Seol seic de €50 in ainm FAI SCHOOLS chuig an eagraí áitiúil cuí
- Cúige Mumhan: Gerard Duggan, St. Mary's BNS, Port an Chalaidh, Co. Phort Láirge
- Ulaidh: Martin Robins, 51 Ard Colgan, Carndonagh, Inis Eoghain, Co. Dhun na nGall
- Connacht: Noel Dervan, Lisaniskey NS, Ballydooley PO, Donamon, Co. Ros Comáin
- Laighin: Tom Bolger, St. Bernadette's SNS, Gleanntán an Choiréil, Baile Átha Cliath 22
  Ní bheidh cead ag scoileanna páirt a ghlacadh go mbeidh an fhoirm agus an táille againn.
- Breathnaigh thall le uimhreach teagmhála eagraí áitiúil a fháil. Déan teagmháil leo le bhur dtoil le eolas faoi dhátaí, amanna agus áiteanna a fháil. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.fai.ie/primary5

## LEAGAN AMACH AN CHOMÓRTAIS

- Reáchtálfar an comórtas, nuair is féidir, ar bhealach blitz. Ní féidir níos mó na 5 fhoireann a bheith in aon ghrúpa.
- Bronntar 3 phointe do bhua, pointe amháin do chomh scór, agus ní bhronntar pointe ar bith do chailleadh.
- I gcás droch-aimsire, d'fhéadfadh sé go n-imreofaí na cluichí ar bhealach "knock-out".
- Eagrófar na comórtaisí ar bhonn grúpaí de réir mar a dhéanann an comhordaitheoir áitiúil cinneadh.
- Is iad na buaiteoirí a rachaidh ar aghaidh chuig na cluichí ceannais Réigiúnach/Cúigeach.

Má chríochnaíonn dhá fhoireann ar an méid céanna pointí, leanfar leis an gcritéir seo:

- An toradh a bhí ar an gcluiche idir an dá fhoireann
- Difríocht na gcúl
- Cúil scóráilte
- Má bhíonn siad cothrom fós, imreofar cluiche cáilithe nach mbeidh níos faide na 5 nóiméad.
- Má bhíonn siad cothrom fós, tógfar ciceanna pionóis, 3 chic an taobh.

Má chríochnaíonn níos mó ná dhá fhoireann ar an méid céanna pointí, leanfar leis an gcritéir seo:

- Difríocht na gcúl
- Cúil scóráilte
- Má bhíonn siad cothrom fós, imreofar comórtas ciceanna pionóis "Round Robin".
- Trí chic an taobh, agus más gá ciceanna "bás tobann". Imreoidh an dá fhoireann deireanach cluiche eile ciceanna pionóis le buaiteoir a fháil.

## RIALACHA AN CHLUICHE

Leanfar le rialacha An Chumainn Peile, leis na hathraithe seo:

### Dlí 1: Páirc na h-Imeartha

Caithfidh cruth dronuilleogach a bheith ar pháirc na h-imeartha leis na toisí seo:
Ní féidir fad níos mó ná 50 méadar nó níos lú ná 30 méadar bheith aige.
Ní féidir leithead níos mó ná 35 méadar nó níos lú ná 20 méadar bheith aige
Molltar go mbeidh an pháirc 40 méadar x 25 méadar.
5 mhéadar a bheidh raon an lárchiorcail.
Beidh an bosca 15 méadar ar leithead agus 10 méadar ar fhad.



Beidh marc an chic phionóis 8 méadar ón gcúl-líne.
Is 6 troigh in airde agus 6 troigh dhéag ar leithead a bheidh na cúil (4.87m X 1.82m).

### Dlí 2: An Liathróid

Liathróid saghas a 5 (370gms) a chaitear a úsáid i chuile chomórtas.

### Dlí 3: Méid Imreoir

Ochtar imreoir i chuile scuad. Ní féidir ach leis an ochtar imreoir sin bheith feistíthe amach ar an taobh-líne. Ní féidir ach le cúigear imreoir, an cúl báire san áireamh, a bheith ar an bpáirc in aon am amháin.



### Dlí 4: Ionadaíocht

Is féidir leis na foireannacha ionadaithe a úsáid chomh minic is a theastaíonn uatha i rith an chluiche ar bhonn "roll on/roll off". Caithfear inseacht don réiteoir faoi aon athraithe. I gcás ionadaíocht cúl báire, caithfear é seo a dheanamh ón mbínse. Caithfidh an cúl báire ionadaí daith éagsúil bheith ar a gheansaí ón gcuid eile de na h-imreoirí i gcónaí.

### Dlí 5: Fad an Chluiche

Seasfaidh chuile chluiche 20 nóiméad ar a mhéid. Má theastaíonn briseadh leath-ama, ní féidir leis bheith níos mó ná 5 nóiméad. Ní imreoidh aon fhoireann blitz níos mó ná 80 nóiméad imeartha in aon lá amháin.

### Dlí 6: As an Imirt (Offside)

Ní imreofar "as an imirt" in aon chluiche.

### Dlí 7: Feallanna agus Mí-iompar



Má fhaigheann imreoir cárta dearg nó dhá chárta buí i ndiaidh a chéile: ní bheidh cead ag an imreoir sin imirt sa gcéad chluiche eile an lá céanna leis an gcéad chluiche ná sa gcéad chluiche ar an gcéad lá eile den chomórtas.
Cuirfear imreoirí ar fionraí a bheidh foréigneach, maslach leis an réiteoir, le h-imreoirí eile, le múinteoirí. Má cheapann an comhordaitheoir áitiúil tar éis tuairisc an réiteora a léamh gur cheart fionraí níos faide a ghearradh ar imreoir is féidir leo é sin a dhéanamh.

### Dlí 8: Saorchiceanna

Caithfidh an fhoireann eile fanacht 5 mhéadar ón liathróid nuair a thóigtear an chic. Tá na saorchiceanna ar fad díreach.

### Dlí 9: Cic Pionóis

Tóigfear an chic pionóis ó spota 8 méadar ón gcúl-líne.

### Dlí 10: Caitheamh Isteach

Nuair a rachaidh an liathróid thar an taobh-líne (nó nuair a bhuaileann sí an taobh-bhalla) tosnóidh an cluiche arís le caitheamh isteach.

### Dlí 11: Cúl Báirí

Caithfidh an cúl báire an liathróid amach i gcónaí. Níl aon chosc ar imreoirí nó an cúl báire theacht isteach agus amach as an mbosca. Nuair a théann an liathróid amach thar an gcríoch-líne, bíonn ar an gcúl báire í a chaitheamh amach san imirt arís. Má bheireann an cúl báire ar an liathróid beidh air í a chaitheamh amach san imirt arís. Níl cead ag an gcúl báire an liathróid a phiocadh suas má chuireann imreoir óna fhoireann fhéin chuige í.

### Dlí 12: Cic Tosaigh

Ní féidir le h-imreoirí scóráil díreach ón gcic tosaigh.

### Dlí 13: Treallamh na nImreoirí

Caithfidh na h-imreoirí uilig (ionadaí san áireamh) loirgneáin a chaitheamh. Ní bheidh cead ag imreoir imirt mura bhfuil siad ag caitheamh loirgneáin. Ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta, níl cead ag páistí spéaclairí a chaitheamh agus iad ag imirt. Níl cead ach spéaclairí speisialta spóirt a chaitheamh.

### Sonraí Teagmhála na gComhordaitheoirí Condae

| Cúige | Condae | Eagraí | Fón Póca | Cúige | Condae | Eagraí | Fón Póca |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Connacht | Liatrom | Damon Kearney | 087-7728173 | Laighin | Baile Átha Cliath | Tom Bolger | 087-9582484 |
| Connacht | Sligeach | John Russell | 083-1685062 | Laighin | Cill Mhantáin | Alan Reynolds | 086-0418726 |
| Connacht | Maigh Eo | Harry Canning | 086-1712275 | Laighin | Loch Garman | William Doyle | 086-0437696 |
| Connacht | Ros Comáin | Noel Dervan | 086-6082016 | Laighin | Ceatharlach | Garry Coady | 086-7954468 |
| Connacht | Gaillimh | Nigel Keady | 086-0418648 | Mumhan | Ciarraí | Darren Aherne | 086-0489019 |
| Laighin | Laois | Nichole Dunphy | 086-0485820 | Mumhan | Corcaigh | Fergus McDaid | 087-6180400 |
| Laighin | Uibh Fháilí | Diane Fay | 086-0404952 | Mumhan | An Clár | Denis Hynes | 087-0508618 |
| Laighin | Cill Dara | Laura Cusack | 086-7949406 | Mumhan | Luimneach | Barbara Bermingham | 086-7712337 |
| Laighin | An Iar-Mhí | David Scally | 044-9390208 | Mumhan | Tiobraid Árann | James Scott | 086-0472055 |
| Laighin | Longfort | Carmel Browne | 087-6479344 | Mumhan | Port Láirge | Gerard Duggan | 087-2750809 |
| Laighin | Cill Chainnigh | Darren Murray | 087-6378742 | Ulaidh | Dún na nGall | Martin Robins | 086-3482973 |
| Laighin | Co. Lú | Michael Neville | 086-6095463 | Ulaidh | Muineachán | Mark Macklin | 086-6030766 |
| Laighin | Co. na Mí | Paul Holland | 087-9630375 | Ulaidh | Cábhán | Diane Fay | 086-0404952 |

Déan teagmháil leis an gcomhordaitheoir áitiúil le sonraí a fháil faoi dhátaí, ionaid agus amanna bhur gcomórtas.
Breathnaigh freisin ar www.faischools.ie le tuilleadh eolais a fháil.